

Cúigear Ros Dumhach

Is beag a cheap éinne nuair a cuireadh cúigear fear as Ros Dumhach, Co Mhuigheo I bpriosún i dtús an tSamhraidh de bhrí nach raibh siad sásta cloí le hurghaire cúirte a chuir an comhlacht Shell i bhfeidhim orthu, go mbeidís fós sa bpriosún faoin am a bhfuil an iris seo ag dul i gcló. Tá ós cionn cheithre scór lá déanta i bpriosún anois ag Micheál Ó Seighin, Uinsionn Mac Craith, Philib Mac Craith, Willie Cordubh agus Breandan Philibín agus gan aon chosúlacht fós air go bhfuiltear chun iad a scaoileadh saor.

Níl aon choir déanta ag na fir seo, níor ghoid siad aon ní, níor bhuail siad ná níor mharaigh siad aon duine. An t-aonrud atá déanta acu ná iarracht a dteaghláigh féin, a gcuid talún agus tithe a chosaint trí gan cead a thabhairt do chomhlacht ollmhór idirnáisiunta Shell a bpíblíne gáis a chur ró-ghar da gcuid tithe. Níl na fir seo ag iarraidh an gás a stopadh ag teacht tríd a gceantar, ta siad ag iarraidh go ndéanfaí scagadh ar an ngás amuigh ag farraige, chun nach mbeadh an oiread contóirte ag baint leis dá dtarlódh timpist do na píopaí ar talamh. Sin an fáth gur Shell To Sea an teideal atá ar an bhfeachtas atá ar bun, ó cuireadh na fir sa bpriosún, chun aird a tharraingt ar a gcás agus chun brú a chuir ar Shell agus na polaiteoirí teacht ar réiteach a scaoileadh na fir seo amach. Nuair a labhrann gaolta nó lucht tacaíochta na bhfear, deir siad nach bhfuil an cúigear chun tabhairt isteach, is cuma cén t-achar a bheidh orthu a chaitheamh sa bpriosún. Tá Shell



ag rá an rud céanna, nach bhfuil siadsan chun an urghaire cúirte a scaoileadh. Tá ceisteanna dlí agus polaitíochta fite fuaite ins an scéal seo chomh maith mar go bhfuil se ráite ag an ngrúpa agóidíochta nach raibh cead faighte ón tús an phíblíne gáis a chur san áit a bhfuil sé dá chur i dtír ag Shell. Go deimhin, tá ceist mhór faoin socrú iomlán a rinne airí rialtais le Shell maidir leis an ngás seo a thabhairt i dtír. Breathnaíonn sé gur ag Shell atá an bhrabach iomlán as an acmhainn nádúrtha náisiúnta seo agus nach bhfuil ciste na tíre seo chun aon bhuntáiste a dhéanamh as Tobar Gáis na Coiribe. Is mór an difríocht idir socrú den chineál seo agus margaidh a rinne rialtais in Albain agus san Ioruaidh nuair a bhí siad féin ag déanamh socraithe le comhlachtaí a gcuid gáis agus ola a thóigáil.

Is léiriú atá ann arís ar an gcaoi a ndéantar socraithe ag ardléibhéil sa tír seo agus nach smaoinítear ar an dtionchar a bheas ag na socraithe ar an ngnáthdhuine.

Idir an dá linn tá cúigear fear Gaeltachta ag seasamh a gcás taobh thiar de bharraí an phriosúin. Tá na hargóintí agus na

diaspóireachtaí ag dul ar aghaidh, tá cruinnithe agus máirseáilacha da reachtáil, tá polaiteoirí de chuile chineál ag tabhairt cuairt ar na fir sa bpriosún ach fós níl aon réiteach ar an gcás. Is iontach an rud é nuair a chuimhníonn tú ar an méid airgid ata ag Shell agus an chumhacht atá ag an rialtas nach bhfuil siad in-ann réiteach a fháil ar an gceist seo agus na fir a ligean arais go dtí a gcuid mná agus páistí i Muigheo. Tá bac curtha ag cúigear ar chomhlacht chumhachtach idirnáisiúnta Shell agus íobairt mhór dá dhéanamh acu. Tá sé in am ag polaiteoirí na tíre seo a gcloigne a chur le chéile agus fuascailt a fháil ar an scéal.

Agus ná habraíodh siad nach bhfuil sé ar a gcumas sin a dhéanamh.

Pé deireadh a bheas leis an scéal seo, ní dhéanfar dearmad ar Chúigear Ros Dumhach, go háirithe nuair a bheifear ag siniú conarthaí arís le comhlachtaí príobháideacha. Ní dhéanfar dearmad orthu ach oiread nuair a bheas toghcháin ar bun, go háirithe i gCo Mhuigheo.

Bobby Beggs – báireoir a maireann a cháil

Le Séamas Ó Cualáin

Deireadh an seandream fadó go mbíodh daoine áirithe ann a raibh sórt draíocht acu ó dhúchas agus go raibh sin acu gan fhios dóibh féin. Anois má bhí peileadóir ar bith in Éirinn riamh a raibh an tréith seo ag roinnt leis, déarfainn gurbh é Roibeard Ó Beig é, an Bleácliathach, a raibh a ainm i mbéal na tíre sna tríochaidí agus i dtús na ndaichidí, agus gnaoi agus gean air dá réir.

Ba eisean a chorraíodh an lucht leanúna lena imirt bheoga bhríomhar bhuanseasmhach, agus ba dheas uaidh i gconaí fuinneamh úrnua a chuir ina chomhimreoirí in am na géarbhroide. Agus, maidir le greann, ní raibh a shárú le fáil.

Peileadóir crua fáiscithe a bhí i Roibeárd, agus an méid a chaill sé san airde thug sé isteach sa díocas agus sa chaondúthracht é. Ní fhéadfaí a chuir ina leith choíche gur stríoc sé ón gcomhlann ba ghéire, mar ní chuirfeadh an saol drochmhisneach ar an bhfear.

I Sceirí i gContae Bhleá Cliath a saolaíodh Mac Uí Bheig, agus ó tharla gur chaith sé a óige le ceird an iascaire bhí, dá bharr sin, cruas coirp ann agus acmhainn aige ar chruatan a fhulaingt.

I ngeall ar a thréanamir dá chlub, Naomh Seosamh, toghadh é ar fhoireann sinsear Bhleá Cliath a bhuaigh Craobhacha Laighean i 1933 agus 1934. Aisteach go leor, ba iad na Gaillimhigh a cheansaigh na Bleácliathaigh na blianta seo – i gcluiche leathcheannais na hÉireann i 1933 agus sa chluiche ceannais i 1934. I lár páirce a d'imríodh Roibeárd ag an am agus ní raibh cinneadh go deo leis i 1934 nuair a bhris na



Bleácliathaigh ar na Ciarraigh I dTrá Lí (leis an scór 3-8 i gcoinne 0-6) agus arís sa bhabhta deiridh nuair a loic a chontae in aghaidh fhir an Iarthair.

Go gairid taréis dó Corn an Bhóthair Iarainn a

ghnóthú le Cúige Laighean i Márta 1935, thug fear Sceirí a aghaidh siar ar Chathair na dTreabh mar ar lonnaigh sé go dtí 1941. Chreid sé féin gurbh iad na blianta seo an chuid ba shuntasai agus ba ghile dá shaol uile.

Toghadh Roibeard Ó Beig ar fhoireann na Gaillimhe den chéad uair i 1935, agus an fhad a bheidh meas an Ghaeil ar chrógacht agus ar dhílseacht, tráchtfar ar mhóimeachtaí Roibeárd mar leathchúlai láir i gcaitheamh a thréimhse san Iarthar. Bhí sé i mbláth a nirt is a mhaitheasa an uair úd agus é chomh haonrianach, chomh seasta le cúrsa na gréine féin.

Ní bheadh aon chuntas ar an mBleácliathach cruinn baileach gan tagairt a dhéanamh dá chuid niachais i gcoinne Mhaigh Eo i gcluichí ceannais Chonnacht ó 1935 go 1940 agus in éadan Ros Comáin i 1941, a ch chuir sé an dlaoi mhullaigh ar a chuid imeartha i 1938

Nuair a cuireadh an cath ar Chiarraí I gCluiche Ceannais na hÉireann. Níor mhistigh a lua go raibh forlámhas ag na Muimhnigh i lár na faiche agus ó tharla sin a

bheith amhlaidh, tháing meáchan na n-ionsaithe ar na leathchúlaithe dochloíte – Proinsias Ó Conduibh, Roibeárd Ó Beig agus Séarlas Ó Conaola. Ní raibh goir ná gaobhar ag a chéile comhraic, Séarlas Ó Súilleabháin, ar an mBleá Cliathach.

Shroich Gaillimh an babhta deiridh de Chraobh Cheannais na hÉireann i 1940 agus arís i 1941, ach mar bharr ar an mí-ádh briseadh orthu an dá thuras.

Bhí Roibeárd Ó Beig diomúch go maith de thoradh na dtubaistí seo agus d'fhill sé ar an bpríomhchathair arís. Bhain sé Craobh Laighean lena chontae dúchais i 1942 – agus cé chasfaei orthu sa bhabhta deiridh ach Gaillimh! Ach an iarraidh seo, d'agair na gaiscígh cois Life treascairt na dtríochaidí ar na Gaillimhigh agus rug siad leo Corn Mhig Uidhir.

Fad is a bhí Roibeárd san Iarthar bhuaigh sé, i dteannta Chraobh na hÉireann i 1938 Craobh Chonnacht trí huaire, an tSraithchomórtas Náisiúnta i 1940 agus dhá chraobh contae leis an gclub nua-bhunaithe, Club Wolfe Tone.

I 1943, bhí mé i bPáirc an Chrócaigh nuair a stiúraigh Roibeárd club a dhúiche féin, Cláirseacha Sceirí, chun bua i gcaobh shóisear a chontae. Agus ní gá dom a rá gur gheal mo chroí do sheanfheinní na gcéadta cath.

Áthcliathach ó dhúchas ba ea fear Sceirí, ach go lá a bháis ba Ghaillimheach dílis é agus níl am dá mbíodh peileadóirí an Iarthair ag iomaíocht cois Life nach bhfeictí é chomh díograiseach agus chomh líofa is a bhí ariamh. Go ndéana Dia trócaire ar a anam dílis.

Is buaine bladh ná saol!